Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10613 – PORSCHE AUSTRIA / WOLFGANG DENZEL AUTO / SAUBERMACHER DIENSTLEISTUNG / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 104/09)

1. An 25 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Porsche Austria GmbH & Co OG ("Porsche Austria", an Ostair), faoi rialú deiridh Volkswagen AG, máthairchuideachta deiridh an ghrúpa Volkswagen,

— Wolfgang Denzel Auto AG ("Denzel", an Ostair), faoi rialú ag "Familienstiftung W. Denzel" agus baill aonair de theaghlach Denzel,

— Saubermacher Dienstleistungs AG ("Saubermacher", an Ostair), faoi rialú Roth Privatstiftung amháin.

Baineann an fógra seo le rialú comhpháirteach a fháil ag Porsche Austria, Denzel agus Saubermacher i gcomhfhiontar lánfheidhme nuabhunaithe de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Porsche Austria: allmhairiú agus mórdhíol mótarfheithiclí (lena n-áirítear páirteanna breise agus ilghabhálais) de na brandaí Volkswagen Passenger Cars, Volkswagen Commercial Vehicles, Porsche, Audi, Škoda, SEAT agus CUPRA san Ostair,

— Denzel: allmhairiú agus mórdhíol mótarfheithiclí de na brandaí Mitsubishi, Hyundai, MG agus Maxus san Ostair,

— Saubermacher: lóistíocht dramhaíola, próiseáil dramhaíola, cóireáil dramhaíola, agus diúscairt dramhaíola,

— an JV: seirbhísí comhairliúcháin maidir le láimhseáil agus maidir le diúscairt/cóireáil ceallraí litiam, coimeádáin speisialta a sholáthar agus conraitheoirí a choimisiúnú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10613 – PORSCHE AUSTRIA / WOLFGANG DENZEL AUTO / SAUBERMACHER DIENSTLEISTUNG / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË